**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*
**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
*Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.N37TP65*

**S84/23**

FÓGRA TÁBHACHTACH MAIDIR LE BÉALTRIALACHA SA GHAEILGE AGUS SNA NUATHEANGACHA IASACHTA DON ARDTEISTIMÉIREACHT 2024

**CHUIG: NA BOIRD BHAINISTÍOCHTA /ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA D'IARBHUNSCOILEANNA AGUS d'EINTITÍS EILE ATÁ AITHEANTA AG AN CSS LE SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA SEANBHUNAITHE A RÉACHTÁIL**

## 1. Aidhm an Chiorcláin.

Is é aidhm an chiorcláin seo :

- Comhairle a thabhairt faoi shíneadh eile do na socruithe a tugadh isteach i dtosach in 2022, go gcuirfear béaltrialacha na hArdteistiméireachta 2024 ar siúl sa chéad seachtain de shaoire na Cásca, ag brath ar athbhreithniú iomlán ar amú na mbéaltrialacha a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).
- Roinnt réamheolais a chur ar fáil ar na socruithe le haghaidh na mBéaltrialacha.
- Eolas a chur ar fáil maidir le hearcú scrúdaitheoirí Béaltrialacha agus cabhair a lorg ó scoileanna le hearcú scrúdaitheoirí.
- Breac-chuntas a thabhairt ar na socruithe teagmhasacha a churfear i bhfeidhm má tharlaíonn nach mbeidh líon na scrúdaitheoirí dóthanach chun na scrúduithe a riar de réir an sceidil.
- Breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí breise a bheidh ar fáil do na scoileanna.

Cuirfear na Trialacha Praiticiúla Feidhmíochta i gCeol na hArdteistiméireachta 2024 ar siúl sa téarma scoile i ndiaidh laethanta saoire na Cásca. Eiseofar ciorclán eile maidir le scrúduithe Ceoil 2024, ina mbeidh sonraí oibriúcháin na scrúduithe agus sonraí earcaíochta le haghaidh scrúdaitheoirí.

## 2. Amú Bealtrialacha 2024 ag an gCáisc le haghaidh bliain amháin eile

D'Ardteistiméireacht 2024 tá sé beartaithe go leanfar leis na socruithe a bhain le 2023 do bhliain amháin eile chun na béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasacha a chur ar

siúl.  Déanfaidh scrúdaitheoirí a cheap an CSS na Béaltrialacha a reáchtáil i scoileanna go luath i dtréimhse  shaoire na Cásca ón **Satharn 23 Márta go dtí Déardaoin 28 Márta, an dá lá san áireamh.**

Tá an cúlra do na socruithe i mbliana mar a leanas:

- Roimh an bpaindéim cuireadh na Béaltrialacha Ardteistiméireachta ar siúl in aon bhliain ar bith **roimh** nó **i ndiaidh** laethanta saoire na Casca, ag brath ar aimsir na Cásca .i. luath nó déanach sa bhliain sin.

- In 2022, den chéad uair, cuireadh an Béaltrialacha Ardteistiméireachta ar siúl lasmuigh d'am scoile, thar an chéad seachtain de shaoire na Cásca. Rinneadh an t-athrú sin san amú mar fhreagra ar an ngá le céimeanna a thógáil chun teorainn a chur le neamhláithreachtaí múinteoirí o scoileanna, I ngeall ar na dúshláin a bhaineann le hionaduithe a fháil. Bhí beartaithe laghdú ar an gcur isteach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim i scoileanna, go háirithe I gcás na n-iarrthóirí a bhí ag ullmhú dá scrúduithe.

Tar éis dóibh réamh-athbhreithniú a dhéanamh rinne an CSS na socruithe a bhí ann do 2022 a chur ar siúl do bhliain amháin eile do na Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha Iasachta in Ardteistiméireacht 2023.

- Bhí sé indéanta in 2023 na scrúduithe seo a chur ar siúl do gach iarrthóir laistigh de thréimhse na saoire Cásca, i ngeall ar an bhfreagra dearfach d'iarrachtaí earcaithe an CSS. Tuigeann an CSS, áfach, go bhfuil tuairimí éagsúla ag páirthithe leasmhara faoi amú na scrúduithe sin ag an gCáisc 2023 agus chomh maith leis sin in am scoile roimh an bpaindéim.
- Tá an CSS ag déanamh measúnacht i bhfad níos fairsinge ar amú na scrúduithe sin agus na páirtithe leasmhara ar fad bainteach leis, d'fhonn na ceisteanna ar fad a bhaineann le hamú na mBéaltrialacha a mheasúnú go hiomlán. Mar ionchur ar an measúnú, tá Ollscoil na Gaillimhe fostaithe ag an CSS le tabhairt faoi thaighde, chun tuairimí tuismitheoir, mac léinn, múinteoir, scrúdaitheoir, agus ceannaireacht scoileanna a iniúchadh faoi amú na scrúduithe sin.

Nuair a bheidh an próiseas measúnachta níos leithne déanta cuirfidh an CSS comhairle ar an Aire ar amú  Béaltrialacha Ardteistiméireachta amach anseo.

- Tá an obair ag dul ar aghaidh faoin am seo. Ionas go mbainfidh cinnteacht leis an gcóras, agus na hiarrthóirí ag ullmhú d'Ardteistiméireacht 2024, creideann an CSS go bhfuil sé níos fearr an t-amú saoire na Cásca le síneadh i gcomhair bliain amháin eile.

## 2. Pointí Tábhachtacha

- Beidh an múnla seachadta i gcomhair 2024 cosúil leis an múnla do bhéaltrialacha a bhí in úsáid in 2023.

  - Leanfar leis na comhdhálacha oiliúna scrúdaitheora le haghaidh béaltrialacha 2024 a chur ar siúl in am scoile agus tá freastal ar na comhdhálacha sin éigeantach, ag tabhairt faoi deara go bhfuil ionadaíocht íoctha ar fáil don neamhláithreacht seo agus neamhláithreachtaí i ndáil le scrúduithe eile.
  - Nuair a reachtáiltear na scrúduithe sa chéad seachtain de shaoire na Cásca cuirfear teorainn le neamhláithreachtaí múinteoirí ó scoil (i bhfianaise na ndúshlán faoi láthair a bhaineann le hionadaithe a fháil). Ina theannta sin, cabhraíonn sé leis an gcur isteach ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim i scoileanna a laghdú go háirithe i gcás na niarrthóirí sin ag ullmhú dá gcuid scrúduithe
- Tá reáchtáil na mbéaltrialacha am Cásca ag brath ar iarratais dhóthanacha a bheith ag an CSS ó mhúinteoirí le haghaidh ról ar na foirne scrúdúchán. Mura bhfaigheann an CSS go leor iarratas déanfaidh siad socruithe teagmhasacha mar is gá.
- Féachfaidh an CSS chuig trialacha a chur in ord tosaíochta sna scoileanna sin a bhfuil múinteoirí dá gcuid ag feidhmiú mar scrúdaitheoirí seachtracha.

- Iarrtar ar scoileanna a dheimhniú go gcuirfear na socruithe teagmhasacha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach, in iúl go soiléir d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí a luaithe agus is féidir, le scrúduithe moillithe agus scrúduithe curtha siar san áireamh freisin. Má bhíonn gá lena leithéid, déanfaidh an CSS teagmháil le scoileanna faoi.
  - Agus socrú déanta go mbeidh na scrúduithe sa chéad seachtain de shaoire na Cásca, dá bharr sin beidh briseadh deich lá as a chéile ón scoil ag scrúdaitheoirí, iarrthóirí agus foirne scoile nuair a bheidh na scrúduithe thart
- Gheofar sceideal na ndátaí ábhartha 2024 in Aguisín 1.
  - Tá beartaithe ag an CSS an tráthchlár mionsonraithe do Scrúduithe Scríofa 2024 agus sceideal na ndátaí do na Béaltrialacha agus na Scrúduithe Praiticiúla roimh laethanta saoire na Nollag.

**4.Forbhreathnú ar Mhúnla Seachadta 2024**

Don Ardteistiméireacht (Seanbhunaithe), 2024, beidh na béaltrialacha ar siúl sa Ghaeilge, san Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, sa Spáinnis, sa tSeapáinis, sa Rúisis, sa Mhandairínis, sa Pholainnis, sa Liotuáinis agus sa Phortaingéilis. Ní bhaineann an ciorclán seo le béaltrialacha san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Tá sé beartaithe go ndéanfar na béaltrialacha teanga thar thréimhse se lá, ag tosú ar an Satharn 23 Márta agus ag críochnú ar an Déardaoin 28 Márta 2024.

Beidh na scrúduithe á reáchtáil ag scrúdaitheoirí ar cuairt, a d'earcaigh agus a cheap an CSS do scoileanna.

Faoi na socruithe traidisiúnta (roimh-2022), ní bheadh an bhéaltriail sa Ghaeilge agus na béaltrialacha sna nuatheangacha iasachta ag iarrthóir sa tseachtain chéanna (cé go bhféadfadh go leor béaltrialacha sna nuatheangacha iasachta a bheith acu sa tréimhse cúig lá chéanna.)

Caithfidh na húdaráis scoileanna (.i. an príomhoide nó an t-ionadaí údaraithe don obair seo) aire a thabhairt go háirithe do sceidealú iarrthóirí sa scoil agus a n-ábhair ar leith a chur san áireamh. Iarrtar ar údaráis scoileanna a bheith ar an eolas faoi na héilimh atá ar iarrthóirí agus gan iliomad trialach a chur ar siúl ar an aon lá amháin chomh fada agus is féidir.

Beidh na laethanta ar fad Satharn go Déardaoin an dá lá san aireamh ar fáil chun na scrúduithe sin a sceidealú. Ag obair i dteannta leis an CSS agus leis na scrúdaitheoirí sannta don scoil agus ag brath ar scrúdaitheoirí a bheith ar fáil, d'fhéadfadh roinnt solúbthachta a bheith ag scoileanna má bhíonn lá ar leith thar an sé lá nach féidir scrúduithe a chur ar siúl i ngeall ar riachtanais áitiúla. Má roghnaítear gan an sé lá iomlán a úsáid, áfach, iarrfar ar scoileanna a bheith ar an eolas faoi thonchar an sceidealaithe ar iarrthóirí agus go háirithe an tionchar orthu siúd atá curtha isteach ar a lán ábhar teanga. Má bhíonn mórán scrúdaitheoirí againn is é is dóichí ná go bhféadfadh scoileanna a bheith solúbtha laistigh den spás sé lá seo.

Má tharlaionn nach féidir na scrúduithe ar fad a éascú thar an tréimhse sé lá, ta dhá lá teagmhasacha aitheanta. Is iad Céadaoin 17 agus Déardaoin 18 Aibreán 2024 na laethanta teagmhasacha i gceist. Déanfaidh an CSS cinntí ar úsáid na laethanta teagmhasacha in éindí le scrúdaitheoirí a cheap an CSS. Caithfidh an CSS a bheith sásta nach rud praiticiúil é scrúduithe a chur ar siúl gan úsáid a bhaint as ceann amháin nó as an dá lá teagmhasacha seo. Ní bheidh an dualgas ar scoileanna aonair iarracht a dhéanamh scrúduithe a shocrú ar na laethanta sin ar an gcéad dul síos.

Ar mhaithe le cothromas agus cothroime, ní fhéadfar socruithe saincheaptha a dheanamh le haghaidh iarrthóirí ar leith, grúpaí iarrthóirí nó scoileanna. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta do eachtraí spóirt, comórtais, turasanna scoile, laethanta saoire nó an cineál scoile.

Ar aon dul deis leis na socruithe traidisiúnta má chailleann iarrthóirí an scrúdú sa bhéaltriail teanga de bharr tinnis nó de bharr bháis sa dlúth-chlann tabharfar deis dóibh le scrúdú a dhéanamh níos déanaí sa tseachtain dar tús 13 Bealtaine. Teastaíonn fianaise tinnis / an bháis le tacú leis an socrú seo.

## 5.Earcú Scrúdaitheora

Cuirfidh an CSS tús le hearcú scrúdaitheoirí cainte d'Ardteistiméireacht 2024 sa tseachtain seo romhainn. Cuirfidh an CSS an ráta pá, le haghaidh scrúdaitheoirí béaltrialacha an CSS, lena n-áirítear biseach don scrúdúchán thar thréimhse na Cásca

in iúl d'iarrthóirí mar chuid den phróiseas earcaithe. Tá na rátaí seo ar fáil mar eolas duit in Aguisín 1 den chiorclán seo. Faigheann scrúdaitheoirí speansais thaistil agus liúntais chothaithe chomh maith.

Cé go bhfuil an leas a bhaintear as scrúdúchán a dhéanamh níos mó na an leas airgeadais, tá muid an-sásta a fhógairt go bhfuil an ráta méadaithe a cuireadh i bhfeidhm in 2023 ar fáil arís do scrúduithe 2024

Tabharfaidh an CSS ceapúcháin astu féin do scrúdaitheoirí a bhfuil na critéir ábhartha acu agus a ceapadh cheana in 2023. Beidh fáilte roimh iarratais nua chomh maith.

Tá an CSS fíor-bhuíoch as an gcomhoibriú a fhaigheann sé ó na mílte múinteoirí gach bliain chun obair thábhachtach an scrúdúcháin a dhéanamh. Is maith is eol do cheannairí scoile go bhfuil dúshlán ag baint le hearcú agus le coinneáil múinteoirí mar scrúdaitheoirí san béaltrialacha agus an tionchar ar an gcóras nuair nach bhfuil scrúdaitheoirí go leor ann.

Tá sé mar aidhm againn líon na múinteoirí bainteach leis a mhéadú go mór ionas go mbeidh taithí dhearfach acu a chuireann go mór lena n-inniúlacht ghairmiúil chomh maith lena gcumas tuillimh. Tá muid ag impí ar cheannairí scoile tacú go gníomhach le hiarrachtaí earcaíochta an CSS i mbliana trí fhiúntas na ról mar scrúdaitheoirí do na scrúduiithe stáit a chur chun cinn don fhoireann lena náirítear forbairt ar cháilíocht na múinteoireachta chomh maith le hinniúlacht sa mheasúnacht. Beidh cabhair agus tacaíocht bheoga an chórais scoile dara leibhéal á lorg ag an CSS le cinntiú go mbeidh go leor scrúdaitheoirí ar fáil chun na scrúduithe seo a riar in 2024. Tá súil againn, go háirithe, nach mbeidh aon bhac ar rannpháirtíocht i gceist nuair a ligtear amach scrúdaitheoirí i gcomhair chomhdháil oiliúna aon lae.

Faightear scrúdaitheoirí, go príomha, ó bhuíon múinteoirí, a bhfuil taithí acu sa tseirbhís agus ó mhúinteoirí ar scor. Is é an ceanglas is riachtanaí le haghaidh scrúdaitheoirí ná inniúlacht ábhair agus caithfidh aon phearsanra a cheaptar chun na scrúduithe stáit a mharcáil a bheith oilte mar is cuí. Roghnófar scrúdaitheoirí ar bhonn a gcuid cáilíochtaí acadúla, a dtaithí mhúinteoireachta agus a dtaithí mar scrúdaitheoirí. Caithfidh iarrthóirí nua le haghaidh na bpostanna seo agallamh a dhéanamh d'fhonn a n-inniúlacht teanga a thaispeáint.

**6.Bearta Teagmhasacha**

Má tharlaíonn nach bhfaighimid an líon scrúdaitheoirí a theastaíonn d'fhéadfadh gá a bheith le socruithe teagmhasacha a chur in áit. Maidir leis seo, is féidir liom an chomhairle seo a thabhairt;

- Nach mbeidh sé indéanta gach ábhar a mhúineadh i ngach scoil sa treimhse 23 go 28 Márta
- D'fheadfadh sé tarlú go mbeadh gá le roinnt trialacha a sceidealú ar na laethanta teagmhasacha Ceadaoin 17 agus Déardaoin 18 Aibreán
- Mar thoradh ar sin, tá roinnt múinteoirí a rinne socrú an obair scrúdúcháin a dhéanamh, beidh gá leo a bheith as láthair ón scoil don dá lá sin.
- Mura bhfuil sé indéanta soláthar a dhéanamh ar na trialacha ar fad ar 17 agus 18 Aibreán, ansin cuirfear na trialacha ar siúl sa spás do na Béaltrialacha déanacha ag tosú i lár nó go déanach i mí na Bealtaine.
- Má dhéantar aon athsceidealú ar thrialacha go spás na dTrialacha Déanacha beidh ar mhúinteoirí a ghlacann le róil mar scrúdaitheoirí béaltrialacha a bheith as láthair ón scoil b'fhéidir le cúig lá i mí na Bealtaine d'fhonn na dualgais seo a chlúdach.

Más gá, déanfaidh an CSS iarracht na scoileanna i gceist a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir, ag tabhairt faoi deara go bhféadfadh soruithe dá leithéid a bheith ag teastáil ar gearrfhógra. Gan dabht beidh díomá i gceist do scoileanna agus d'iarrthóirí dá mbeadh gá le moill a chur lena scrúduithe mar a leagtar amach é thuas. Más féidir linn líon na scrúdaitheoirí a mhéadú don leibhéal a theastaíonn, áfach, ansin imeoidh an gá seo le haghaidh socruithe teagmhasacha.

## 3. Tacaíocht Airgeadais le haghaidh Údarás Scoileanna

Laethanta Chuiditheoir Scrúduithe: Tugann an CSS tacaíocht airgeadais do scoileanna chun an tSraith Shóisearach agus scrúduithe na hArdteistiméireachta a riar go bliantúil. Faoin scéim faoi láthair tá lánrogha ag údaráis scoileanna Cuiditheoir Scrúduithe a fhostú i gcomhair thréimhse de 15 lá gach bliain le cabhrú leis an bPríomhoide le linn na scrúduithe stáit nó chun ionadaíocht a dhéanamh go hiomlán don Phríomhoide mura mbíonn siad ar fáil ar chúis ar bith. Bíonn laethanta breise ar fáil freisin do scoileanna bunaithe ar lion na n-iarrthóirí scrúdaithe agus ar fhad ama an tráthchláir sa scoil sin. Tá na laethanta Chuiditheoir Scrúdaithe le húsáid le haghaidh na scrúduithe scríofa agus le haghaidh mheasúnú na gcomhpháirteanna a bhaineann leis. Tá sonraí ar fáil thíos ar laethanta breise le húsáid le haghaidh scrúduithe béaltrialacha teanga in 2024.

Mar a tharla in 2023, mar aitheantas don ualach oibre athraithe a bhaineann leis an múnla seachadta seo ag an gCáisc, beidh 8 lá Chuiditheoir Scrúdaithe sa bhreis ar fáil do scoileanna a bhfuil 120 iarrthóir Ardteistiméireachta nó níos lú acu fad a bheidh 10 lá ar fáil do na scoileanna le níos mó ná 120 iarrthóir Ardteistiméireachta acu.

Tá sé beartaithe go mbeidh soláthar na laethanta breise Chuiditheoir Scrúdaithe seo ina thacaíocht do cheannairí scoile i dtréimhse na scrúduithe ionas go laghdófar roinnt den ualach riaracháin a bhaineann le scrúduithe. Níl aon ghá le príomhoidí scoile a bheith I láthair sa scoil na laethanta seo i saoire na Cásca agus tugtar cumhacht dóibh ball den fhoireann mhúinteoireachta a shannadh chun na laethanta Chuiditheoir Scrúdaithe a chomhlíonadh i leith na scrúduithe seo.

ii.**Tacaíocht Thréadach le haghaidh Iarrthóirí:** Tá an CSS ag cur acmhainn eile ar fáil d'údaráis scoileanna faoin Múnla Scrúduithe Cuiditheora céanna. Beidh cúig lá Cuiditheora sa bhreis ar fáil do scrúduithe 2024 ionas go bhféadfaidh údaráis scoileanna ball foirne a cheapadh chun tacaíocht thréadach a sholáthar d'iarrthóirí agus lena chinntiú go mbeidh siad i láthair san am seachadta na mbéaltrialacha thar thréimhse saoire na Cásca. Cuirfear níos mó sonraí faoin acmhainn seo ar fáil in am is i dtráth. Tá beartaithe nach mbeidh aon bhaint ag anduine seo sna dualgais oibriúcháin agus riaracháin bainteach leis na Béaltrialacha.

iii. **Airíochas/solas/teas/etc.:** Déanfaidh an CSS costais bhreise reasúnta tabhaithe go sonrach maidir le solas, teas, glanadh agus airíochas a chúiteamh, laistigh de scoileanna a mbeidh scrúduithe béaltrialacha ar siúl iontu i saoire na Cásca.

**Iv Córas Iompair:** D'fhonn freastal na n-iarrthóirí a bhraitheann ar an gcóras iompair scoile a éascú, iarrfar ar scoileanna seirbhísí tacsaí a eagrú do scrúduithe i saoire na Cásca mar is gá agus na costais a fháil ar ais ón CSS.

**8. Eolas Breise**

**Eiseoidh an CSS ciorclán ina mbeidh níos mó sonraí go luath in 2024.** Iniata beidh níos mó sonraí faoi na socruithe seo lena n-áirítear sonraí i leith bhainistíocht na dtrialacha le linn na tréimhse sé lá thar saoire na Cásca agus na socruithe faoin tacaíocht airgeadais atá ar fáil do scoileanna.

Idir an dá linn, ba mhór agam do chabhair chun na sonraí a bhaineann leis an socruithe seo a thabhairt ar aird fhoireann na scoile, mac léinn, agus tuismitheoirí/ caomhnóirí.

**9. Fiosrúcháin**

Is cóir do Bhainistíocht na Scoile nó a (h)ionadaí aon cheisteanna a bhaineann leis na scrúduithe seo a chur chuig Rannóg na mBéaltrialacha nó Rannóg na Scrúduithe Praiticiúla den CSS a luaithe a thagann siad chun cinn.

Is cóir aon cheisteanna a bhaineann leis na béaltrialacha a chur ar aghaidh ar an ríomhphost go orals@examinations.ie nó ar an bhfón chuig 0906442741

Táim fíor bhuíoch as ucht do thacaíochta agus do chabhrach leis na scrúduithe tábhachtacha seo.

Richard Dolan
Stiúrthóir Oibríochtaí
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Nollaig 2023

## Aguisín1 – Béaltrialacha na hArdteistiméireachta 2023 – Rátaí agus Dátaí

### A. Rátaí Íocaíochta

Tá na rátaí pá do scrúdaitheoirí béaltrialacha 2024 mar a leanas. Iniata sna rátaí seo tá an €6 in aghaidh na scripte /teiste a ceadaíodh ar dtús in 2022 agus préimh c. €11 de bharr na dtrialacha a reáchtáil am Cásca. Tá rátaí 2024 méadaithe faoin méadú san earnáil phoiblí mar a bhaineann siad le rátaí pá don scrúdúchán.

- Gaeilge na hArdteistiméireachta Bonnleibhéal **€20.43** in aghaidh an iarrthóra (2019 ráta €7.00)
- Gach Béaltriail eile **€27.37** in aghaidh an iarrthóra (2019 ráta €9.38)
- Táille don Socrú Athbhreithnithe : **€243.59** in aghaidh ceapúcháin (2019 ráta n/a)

Faigheann scrúdaitheoirí speansais thaistil freisin agus liúntais chothaithe chomh maith leis an méid thuas

### B. Sceideal Dátaí

| **Eachtra** | **Dáta** |
|---|---|
| | |
| **Dúnann scoileanna i gcomhair Saoire na Cásca** | Aoine 22 Márta |
| **Tosaíonn Béaltrialacha Ardteistiméireachta - Lá 1** | Satharn 23 Márta |

| | |
|---|---|
| **Laethanta Gníomhacha Scrúdúcháin** | Satharn, Domhnach, Luan, Máirt, Céadaoin, Déardaoin |
| **Deireadh na mBéaltrialacha – Lá 6** | Déardaoin 28 Marta |
| **Aoine an Chéasta** | Aoine 29 Márta |
| **Domhnach Cásca** | Domhnach 31Márta |
| **Athosclaítear scoileanna** | Luan 8 Aibreán |
| **Laethanta Teagmhasacha Béaltrialacha** | Ceadaoin17 agus Déardaoin 18 Aibreán |
| **Béaltrialacha Déanacha**<br>**Tinneas / bás** | W/B  13 Bealtaine (TBC) |

| | |
|---|---|
| **Trialacha Praiticiúla Ceoil na hArdteistiméireacha** | 8 Aibreán go 19 Aibreán |
| **Trialacha Praiticiúla Feidhmíochta Ceoil na Sraithe Sóisearaí** | Ag tosú Luan 22 Aibreán |